ORDÚ NA CÚIRTE GINEARÁLTA (an Tríú Dlísheomra)

3 Feabhra 2025*

(Caingean le haghaidh neamhniú – Cinneadh 2006/928/CE – Sásra um chomhar agus um fhíorú ar dhul chun cinn sa Rómáin chun aghaidh a thabhairt ar thagarmharcanna sonracha i réimsí an athchóirithe bhreithiúnaigh agus an chomhraic i gcoinne an éillithe – Cinneadh (AE) 2023/1786 lena n-aisghairtear Cinneadh 2006/928 – Easpa cúram díreach – Do-ghlacthacht)

I gCás T-1126/23,

Asociația Inițiativa pentru Justiție, atá lonnaithe in Constanța (an Rómáin), arna ionadú ag V.-D. Oanea, Dlíodóir, agus C. Zatschler, Abhcóide Sinsir,

iarratasóir,

v

an Coimisiún Eorpach, arna ionadú ag K. Herrmann, T. Maxian Rusche, P. Van Nuffel agus I. Rogalski, i gcáil Gníomhairí,

cosantóir,

tugann AN CHÚIRT GHINEARÁLTA (an Tríú Dlísheomra),

agus í comhdhéanta mar seo a leanas: P. Škvařilová-Pelzl, ag feidhmiú mar Uachtarán, I. Nõmm agus D. Kukovec (Rapóirtéir), Breithiúna,

Cláraitheoir: V. Di Bucci,

ag féachaint don nós imeachta i scríbhinn, go háirithe:

– an phléadáil maidir le do-ghlacthacht a d'ardaigh an Coimisiún i ndoiciméad ar leith a thaisceadh i gClárlann na Cúirte Ginearálta an 19 Feabhra 2024,

– barúlacha an iarratasóra maidir leis an bpléadáil do-ghlacthachta, arna thaisceadh i gClárlann na Cúirte Ginearálta an 11 Aibreán 2024,

– iarratas na Rómáine ar idiragairt arna thaisceadh i gClárlann na Cúirte Ginearálta an 22 Feabhra 2024,

an t-ordú seo a leanas:

* Teanga an cháis: an Béarla

Ordú

1 Lena chaingean de bhun Airteagal 263 CFAE iarrann an t-iarratasóir, Asociația Inițiativa pentru Justiție, go gcuirfear Cinneadh (AE) 2023/1786 ón gCoimisiún an 15 Meán Fómhair 2023 lena n-aisghairtear Cinneadh 2006/928/CE lena mbunaítear sásra comhair agus fíorúcháin ar dhul chun cinn sa Rómáin chun aghaidh a thabhairt ar thagarmharcanna sonracha i réimsí an athchóirithe bhreithiúnaigh agus an chomhraic i gcoinne an éillithe (IO 2023 L 229, lch. 94, 'an cinneadh atá faoi chonspóid') ar neamhní.

Cúlra na díospóide agus an cinneadh atá faoi chonspóid

2 Tagann an cás seo chun cinn i gcomhthéacs athchóiriú mór i réimsí na mbreithiúna agus an chomhraic i gcoinne an éillithe sa Rómáin, a ndearnadh faireachán air ar leibhéal an Aontais ó 2007 faoin sásra comhair agus fíorúcháin arna bhunú le Cinneadh 2006/928/CE ón gCoimisiún an 13 Nollaig 2006 lena mbunaítear sásra comhair agus fíorúcháin ar dhul chun cinn sa Rómáin chun aghaidh a thabhairt ar thagarmharcanna sonracha i réimsí an athchóirithe bhreithiúnaigh agus an chomhraic i gcoinne an éillithe (IO 2006 L 354, lch. 56) tráth aontachas na Rómáine leis an Aontas Eorpach ('SCF').

3 Is comhlachas gairmiúil ionchúisitheoirí é an t-iarratasóir a bunaíodh an 14 Samhain 2018, arb é is cuspóir dó urraim do luach an smachta reachta sa Rómáin a áirithiú trí urraim, go háirithe do chearta ionchúisitheoirí agus dá neamhspleáchas a ráthú.

4 An 13 Nollaig 2006, ghlac Coimisiún na gComhphobal Eorpach Cinneadh 2006/928 ar bhonn, *inter alia*, Airteagail 37 agus 38 den Ionstraim i dtaobh choinníollacha aontachas Phoblacht na Bulgáire agus na Rómáine agus oiriúnuithe ar na Conarthaí ar a bhfuil an tAontas Eorpach fothaithe (IO 2005 L 157, lch. 203, an 'Ionstraim Aontachais'). Tugtar cumhacht leis na hAirteagail sin don Choimisiún bearta iomchuí a ghlacadh i gcás, faoi seach, go bhfuil garbhaol ann go mbeidh sárú tromchúiseach ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh mar gheall ar mhainneachtain gealltanais ag an Rómáin arna nglacadh ar láimh i gcomhthéacs na gcaibidlí aontachais a chur chun feidhme, agus go bhfuil garbhaol ann go mbeadh easnaimh thromchúiseacha sa Rómáin, maidir le comhlíonadh dhlí an Aontais a bhaineann leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais.

5 Mar a chuir an Chúirt in iúl go háirithe, i mbreithiúnas an 18 Bealtaine 2021, *Asociația 'Forumul Judecătorilor din România' agus páirtithe eile* (C-83/19, C-127/19, C-195/19, C-291/19, C-355/19 agus C-397/19, EU:C:2021:393, míreanna 157 agus 158), is beart den sórt sin é Cinneadh 2006/928, a ghlacadh mar gheall ar na garbhaol de samhail na cineál dá dtagraítear in Airteagail 37 agus 38 den Ionstraim Aontachais. Go deimhin, mar is léir óna thuarascáil faireacháin an 26 Meán Fómhair 2006 do bhallraíocht na Bulgáire agus na Rómáine san Aontas (COM(2006) 549 final), dá dtagraítear in aithris 4 den chinneadh sin, chinn an Coimisiún go raibh easnaimh fós sa Rómáin, go háirithe i réimsí na mbreithiúna agus an chomhraic i gcoinne an éillithe, agus mhol sé do Chomhairle an Aontais Eorpaigh, chun na staide sin a leigheas, gur cheart aontachas an Stáit sin a chur de choinníoll ar shásra comhair agus fíorúcháin a bhunú.

6 Leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2006/928 ceithre thagarmharc a bhí le comhlíonadh ag an Rómáin, go háirithe, i réimsí an athchóirithe bhreithiúnaigh agus an chomhraic i gcoinne an éillithe, chun aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh sin agus chun na gcomhlachtaí um fhorfheidhmiú dlí a áirithiú, maidir leis na bearta arna nglacadh chun

rannchuidiú le oibriú an mhargaidh inmheánaigh agus le limistéar na saoirse, na slándála agus an cheartais chun na bearta sin a chur chun feidhme agus a chur i bhfeidhm. Go háirithe, léitear an chéad cheann de na tagarmharc sin mar a leanas:

'[Ní mór don Rómáin] próiseas breithiúnach níos trédhearcaí agus níos éifeachtúla a áirithiú, go háirithe trí fheabhas a chur ar acmhainn agus ar chuntasacht na hUaschomhairle Giúistíseachta. Tuairisciú agus faireachán a dhéanamh ar iarmhairtí na gcód nua um nósanna imeachta sibhialta agus coiriúla.'

7 Foráiltear le hAirteagail 1 agus 2 de Chinneadh 2006/928 go raibh an Rómáin le tuairisciú don Choimisiún ar bhonn bliantúil maidir leis an dul chun cinn arna dhéanamh i ndáil le comhlíonadh gach ceann de na tagarmharcanna dá dtagraítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo. Ó thaobh an Choimisiúin de, ceanglaíodh air tuarascálacha a tharraingt suas gach 6 mhí ar a laghad chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gChomhairle ina mbeidh a bharúlacha féin agus a chonclúidí féin maidir leis na tuarascálacha arna dtíolacadh ag an Rómáin.

8 I gcomhréir le hAirteagal 4, díríodh Cinneadh 2006/928 chuig na Ballstáit uile, lena n-áirítear an Rómáin amhail óna aontachas.

9 De réir aithris 9 den chinneadh sin, aisghairfaí é a luaithe a chomhlíonfaí na tagarmharcanna uile go sásúil.

10 An 15 Meán Fómhair 2023, ghlac an Coimisiún an cinneadh atá faoi chonspóid.

11 Mar is léir ó aithrisí 7 go 9 den chinneadh sin, mheas an Coimisiún, go bunúsach, i bhfianaise an dul chun cinn a rinne an Rómáin faoi SCF, mar a tugadh faoi deara ina thuarascáil an 22 Samhain 2022 chuig an bParlaimint agus chuig an gComhairle (COM(2022) 664 final), go háirithe na cinn sin a bhaineann le neamhspleáchas agus éifeachtúlacht na mbreithiúna a neartú trí athchóiriú iomlán a dhéanamh ar an gcóras breithiúnach, gur chomhlíon an Ballstát sin na gealltanais a tugadh tráth a aontachais leis an Aontas Eorpach agus gur comhlíonadh na ceithre thagarmharc a leagtar amach i gCinneadh 2006/928 go sásúil.

12 Thairis sin, mar a luaitear in aithris 10 den chinneadh atá faoi chonspóid, leanfaidh an Coimisiún de na hathchóirithe arna ndéanamh ag an Rómáin agus ag na Ballstáit eile araon a chur chun feidhme trí thimthriall bliantúil an smachta reachta, a seoladh lena Theachtaireacht an 17 Iúil 2019 chuig an bParlaimint, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig an gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, dar teideal 'An Smacht Reachta a Neartú laistigh den Aontas: Treoirphlean Gníomhaíochta' (COM(2019) 343 final). Mar chuid den timthriall sin, leanfaidh an Coimisiún de thuarascálacha bliantúla a tharraingt suas maidir leis an smacht reachta, lena n-áirítear, go háirithe moltaí do na Ballstáit.

13 I gcomhréir le hAirteagal 1 den chinneadh atá faoi chonspóid, aisghairtear Cinneadh 2006/928.

An t-ordú atá á lorg

14 Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

– an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní;

– a ordú don Choimisiún na costais a íoc.

15 Sa phléadáil maidir le do-ghlacthacht, a ardaíodh de bhun Airteagal 130(1) de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Ginearálta, iarrann an Coimisiún ar an gCúirt Ghinearálta:

– an chaingean a dhíbhe toisc í a bheith do-ghlactha;

– a ordú don iarratasóir na costais a íoc.

16 Ina bharúlacha maidir leis an bpléadáil do-ghlacthachta, iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

– diúltú don phléadáil maidir le do-ghlacthacht a d'ardaigh an Coimisiún;

– mar mhalairt air sin, an phléadáil maidir le do-ghlacthacht a uamadh le substaint an cháis;

– a ordú don Choimisiún na costais a bhaineann leis an bpléadáil do-ghlacthachta a íoc.

17 Le doiciméad a taisceadh i gClárlann na Cúirte Ginearálta an 22 Feabhra 2024, rinne an Rómáin, de bhun Airteagal 143 de na Rialacha Nós Imeachta, iarratas ar idiragairt a dhéanamh chun tacú leis an gCoimisiún.

An dlí lena mbaineann

18 De réir Airteagal 130(1) agus (7) de na Rialacha Nós Imeachta, má iarrann an cosantóir, féadfaidh an Chúirt Ghinearálta breith a thabhairt ar dho-ghlacthacht nó easpa dlínse gan dul i muinín shubstaint an cháis. Sa chás seo, ós rud é go ndearna an Coimisiún iarratas ar bhreith ar dho-ghlacthacht, chinn an Chúirt Ghinearálta, agus í a mheas go raibh a dóthain faisnéise aici ón ábhar sa cháschomhad, breith a thabhairt ar an iarratas sin gan leanúint leis an nós imeachta.

19 Áitíonn an Coimisiún go bhfuil an chaingean seo do-ghlactha, ag maíomh, go príomha, nach bhfuil cúraim dhírigh ag an iarratasóir nó ag duine dá chomhaltaí léi. Mar mhalairt air sin, measann sí nach gníomh rialála é an cinneadh atá faoi chonspóid, de réir bhrí an tríú habairt den cheathrú fomhír d'Airteagal 263 CFAE, agus nach mbaineann an cinneadh sin go leithleach leis an iarratasóir ná le duine dá chomhaltaí.

20 Cuireann an t-iarratasóir in aghaidh na líomhaintí sin. (OBS 14 -73) Ina theannta sin, maíonn sí, maidir le hinghlacthacht a chaingne ina hainm féin agus in ainm na n-ionchúisitheoirí a bhfuil a leasanna á gcosaint aici, gur cheart i bhfianaise ghnéithe sonracha an cháis seo, na coinníollacha inghlacthachta mar a leagtar amach sa chásdlí reatha iad, a mhaolú.

21 Ní mór a thabhairt chun cuimhne, go bhféadfaidh aon duine nádúrtha nó dhlítheanach, de bhun an cheathrú fomhír d'Airteagal 263 CFAE, imeachtaí a thionscnamh in aghaidh gnímh a díríodh chuig an duine sin nó gnímh is dá chúram go díreach agus go leithleach, agus in aghaidh gnímh rialúcháin is dá chúram go díreach agus nach bhfuil bearta cur chun feidhme ag gabháil leis.

22 Sa chás seo, ní mór a mheas nach é an t-iarratasóir seolaí an chinnidh atá faoi chonspóid de réir bhrí na chéad chás dá dtagraítear sa cheathrú fomhír d'Airteagal 263 CFAE.

23 Dá bhrí sin, is gá a chinneadh an mbaineann an cinneadh sin go díreach leis an iarratasóir nó le duine dá chomhaltaí.

24 De réir cásdlí socair, meastar caingne le haghaidh neamhniú arna dtabhairt ag comhlachais a bheith inghlactha i dtrí chineál staideanna: ar an gcéad dul síos, i gcás ina dtugtar le foráil dlí sraith cumhachtaí nós imeachta go sainráite do chomhlachais trádála, ar an dara dul síos, i gcás ina ndéanann an comhlachas ionadaíocht ar leasanna a chomhaltaí a bheadh iad féin i dteideal imeachtaí a thionscnamh agus, ar an tríú dul síos, i gcás ina ndéantar an comhlachas a indibhidiúlú mar gheall ar an éifeacht ar a leasanna féin mar chomhlachas, go háirithe toisc go ndearna an gníomh a n-iarrtar a neamhniú difear dá sheasamh mar idirbheartaí (féach ordú an 8 Bealtaine 2019, *Carvalho agus páirtithe eile* v a*n Pharlaimint agus an Chomhairle*, T-330/18, nár foilsíodh, EU:T:2019:324, mír 51 agus an cásdlí dá dtagraítear).

Inghlacthacht chaingean an iarratasóra ag gníomhú ina ainm féin

25 Ar an gcéad dul síos, maíonn an t-iarratasóir gur eagraíocht ionadaíoch ionchúisitheoirí í a bhfuil aitheantas foirmiúil aici agus a bhfuil sé de chúram uirthi neamhspleáchas na mbreithiúna a chosaint agus, ar bhonn níos ginearálta, luach an smachta reachta a chosaint. Trína ról maidir le comhlíonadh Airteagail 2 agus 9 CAE a áirithiú, bheadh leas institiúideach aige an luach sin a chosaint, chomh maith le leas nós imeachta in imeachtaí breithiúnaigh a bhaineann lena comhlíonadh agus lena neartú. Ar an dara dul síos, maíonn an t-iarratasóir gur idirghabhálaí pribhléideach an Choimisiún é i dtaca le faireacháin agus tuairisciú a dhéanamh do SCF, ionas gur sháraigh aisghairm Chinneadh 2006/928, gan dul i gcomhairle leis an iarratasóir roimhe ré, a ionchas dlisteanach. Ar deireadh, maíonn an t-iarratasóir go mbaineann an cinneadh atá faoi chonspóid go díreach leis, a mhéid a chuirfeadh aisghairm Chinneadh 2006/928 a cuid oibre maidir le cosaint an smachta reachta i mbaol.

26 Cuireann an Coimisiún i gcoinne argóintí an iarratasóra.

27 Maidir leis an gcéad chineál staid a luaitear sa chásdlí dá dtagraítear i mír 24 thuas, ní mhaíonn an t-iarratasóir gurb ann d'fhorálacha dlíthiúla lena n-aithnítear go sainráite a gcumhachtaí nós imeachta agus níl aon rud sa chomhad chun tacú leis an gconclúid gurb ann do na forálacha sin.

28 Thairis sin, a mhéid nach mór argóint an iarratasóra dá dtagraítear i mír 25 thuas, a léiriú sa chaoi, chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach ionchúisitheoirí a áirithiú, go háirithe i bhfianaise luach an smachta reachta, a chumhdaítear in Airteagal 2 CAE, gur cheart sainchumais nós imeachta áirithe a dheonú dó, ní mór a mheas nár tugadh cumhachtaí don iarratasóir le haon fhoráil dlí chun an chosaint sin a áirithiú i gcomhthéacs SCF. Dá réir sin, ní féidir inghlacthacht na gcaingne a shuíomh i ndáil leis an gcéad chineál staid dá dtagraítear i mír 24 thuas.

29 Maidir leis an tríú cineál staid a luaitear sa chásdlí dá dtagraítear i mír 24 thuas, a bhaineann leis an éifeacht ar na comhlachais maidir lena leasanna féin, go háirithe mar idirbheartaithe, ba cheart a thabhairt faoi deara nár bhunaigh an t-iarratasóir éifeacht den sórt sin ina chás, agus béim á leagan ar a ról mar idirghabhálaí an Choimisiúin i gcomhthéacs SCF amháin.

30 Mar sin féin, ní leor go raibh an t-iarratasóir ina 'idirghabhálaí' don Choimisiúin sa chomhthéacs seo, chun é a aithint mar idirbheartaí, de réir bhrí an chásdlí dá dtagraítear i mír 24 thuas, i gcomhthéacs sonrach ghlacadh an chinnidh atá faoi chonspóid. Dá réir sin, ní féidir inghlacthacht na gcaingne a shuíomh ach an oiread i ndáil leis an tríú cineál staid dá dtagraítear sa mhír sin.

31 I bhfianaise an mhéid sin roimhe seo, ní mór a mheas nach gcomhlíonann an t-iarratasóir na coinníollacha a bhaineann leis an gcéad agus an tríú cineáil staid, dá dtagraítear i mír 24 thuas agus, dá bhrí sin, nach bhfuil sé i dteideal imeachtaí a thionscnamh ina ainm féin.

32 Thairis sin, ní féidir amhras a chaitheamh ar an gconclúid sin le hargóintí an iarratasóra maidir leis an bhfíoras gur sháraigh aisghairm Chinneadh 2006/928 leis an gcinneadh atá faoi chonspóid a ionchais dhlisteanacha.

33 I ndáil leis sin, ní mór a thabhairt chun cuimhne, de réir cásdlí socair, go mbaineann an ceart chun brath ar phrionsabal na cosanta d'ionchais dhlisteanacha le haon duine ar thug institiúid de chuid an Aontais ionchais a raibh údar maith leo ina leith de bharr dearbhuithe beachta a tugadh dó. Is éard atá sna dearbhuithe den sórt sin, is cuma cén fhoirm ina gcuirtear in iúl iad, faisnéis bheacht, neamhchoinníollach agus chomhsheasmhach ó fhoinsí údaraithe agus iontaofa. Ní fhéadfaidh aon duine, áfach, sárú ar an bprionsabal seo a mhaoímh in éagmais dearbhuithe beachta arna dtabhairt dó ag na húdaráis. (féach breithiúnas an 8 Bealtaine 2024, *VB* v *BCE*, T-124/23, nár foilsíodh, EU:T:2024:294, mír 60 agus an cásdlí dá dtagraítear).

34 Sa chás seo, níor chuir an t-iarratasóir in iúl conas gur thug an Coimisiún dearbhuithe beachta, neamhchoinníollacha agus chomhsheasmhacha dó, de réir bhrí an chásdlí dá dtagraítear i mír 33 thuas, maidir le mainneachtain Cinneadh 2006/928 a aisghairm. Ina theannta sin, ní mór a mheas go rabhthas ag súil le haisghairm an chinnidh sin ós rud é, i gcomhréir le Airteagal 37(2) agus Airteagal 38(2) d'Ionstraim Aontachais, gur bunaíodh SCF mar bheart eatramhach amháin.

Inghlacthacht chaingean an iarratasóra atá ag gníomhú thar ceann a chomhaltaí a bhfuil a leasanna á gcosaint aige

35 I gcomhréir leis an dara cineál staid a luaitear sa chásdlí dá dtagraítear i mír 24 thuas, tá seasamh ag comhlachais chun imeachtaí a thionscnamh i gcás ina ndéanann siad ionadaíocht ar leasanna a gcomhaltaí atá i dteideal imeachtaí a thionscnamh iad féin.

36 Sa chás seo, maíonn an t-iarratasóir, go bunúsach, go mbaineann an cinneadh atá faoi chonspóid díreach dá chomhaltaí, ina gcáil mar ionchúisitheoirí, ós rud é go bhféadfaí iad a nochtadh níos mó d'imeachtaí araíonachta dá gcuirfí deireadh leis SCF leis an gcinneadh sin.

37 Thairis sin, agus í ag braith gur chinn an Chúirt i mbreithiúnais an 18 Bealtaine 2021, *Asociația 'Forumul Judecătorilor din România' agus páirtithe eile* (C-83/19, C-127/19, C-195/19, C-291/19, C-355/19 agus C-397/19, EU:C:2021:393, mír 249), go raibh éifeacht dhíreach ag na tagarmharcanna dá dtagraítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2006/928, áitíonn an t-iarratasóir gur thug na tagarmharcanna seo cearta éifeachta dírí d'ionchúisitheoirí, ar a bhféadfadh siad brath, go háirithe chun agóid a dhéanamh i gcoinne caingean araíonachta neamhdhlisteanacha.

38 Dá bhrí sin, bheadh sé d'éifeacht ag aisghairm Chinneadh 2006/928 srian a chur leis na cearta a bhféadfadh ionchúisitheoirí atá faoi réir caingne araíonachta den sórt sin brath orthu ina gcosaint. Maíonn an t-iarratasóir freisin, cé go bhféadfaidh a chomhaltaí fós brath ar Airteagal 19(1) CAE agus Airteagal 325(1) CFAE chun iad féin a chosaint i gcoinne chaingean araíonachta neamhdhlisteanacha, nach bhfuil na cearta a thugtar leis na forálacha sin chomh héifeachtach agus chomh fairsing mar sin féin agus na cearta atá ar fáil dóibh faoi SCF.

39 I ndáil leis sin, maíonn an t-iarratasóir, go bunúsach, go raibh raon feidhme ábhartha Chinneadh 2006/928 níos leithne ná raon feidhme Airteagal 325(1) CFAE, sa mhéid is nach raibh oibleagáid na Rómáine, a eascraíonn as na trí thagarmharc dheireanacha, chun éilliú a chomhrac go héifeachtach, go háirithe éilliú ardleibhéil, teoranta do chásanna éillithe a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais. Dá réir sin, bhí Cinneadh 2006/928 níos oiriúnaí chun infheidhmeacht Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ('an Chairt') a spreagadh, trína áirithiú gur comhlíonadh an coinníoll maidir le cur chun feidhme dhlí an Aontais, de réir bhrí Airteagal 51(1) den Chairt.

40 Cuireann an Coimisiún i gcoinne argóintí an iarratasóra.

41 De réir an chásdlí socair, ar choinníoll nach mór baint dhíreach a bheith ag duine nádúrtha nó dhlítheanach leis an mbeart is ábhar dá chaingean, ní mór dhá choinníoll charnacha a chomhlíonadh, eadhon, ar thaobh amháin, nach mór don bheart sin éifeacht díreach a bheith aige ar staid dhlíthiúil an duine sin agus, ar an taobh eile, nach mór dó aon lánrogha a fhágáil dóibh siúd atá freagrach as a chur chun feidhme, eadhon, an cur chun feidhme sin a bheith uathoibríoch amháin ar bhonn rialacha an Aontais astu féin, gan rialacha idirmheánacha eile a chur i bhfeidhm. (féach breithiúnas an 12 Iúil 2022, *Nord Stream 2* v *an Pharlaimint agus an Chomhairle*, C-348/20 P, EU:C:2022:548, mír 43 agus an cásdlí dá dtagraítear).

42 Chun a chinneadh an mbeidh éifeacht ag an gníomh do staid dhlíthiúil an duine agus an féidir leis, dá bhrí sin, a bheith ina caingean le haghaidh neamhniú de bhun Airteagal 263 CFAE, ba cheart breathnú ar shubstaint an ghnímh sin agus measúnú a dhéanamh ar na héifeachtaí sin i bhfianaise critéar oibiachtúil, amhail inneachar an ghnímh sin, agus, i gcás inarb iomchuí, an comhthéacs inar glacadh an gníomh sin á chur san áireamh chomh maith le cumhachtaí na hinstitiúide a ghlac é. (féach, chuige sin, breithiúnas an 12 Iúil 2022, *Nord Stream 2* v *an Pharlaimint agus an Chomhairle*, C-348/20 P, EU:C:2022:548, mír 63 agus an cásdlí dá dtagraítear).

43 Sa chás seo, ní mór a thabhairt faoi deara, mar réamhphointe, ós rud é gur aisghaireadh Cinneadh 2006/928 leis an gcinneadh atá faoi chonspóid, nach mór é a scrúdú i bhfianaise a phríomhaidhm agus hábhar, chomh maith leis an gcomhthéacs dlíthiúil agus fíorasach inar glacadh Cinneadh 2006/928. (féach, chuige sin agus de réir análaí, breithiúnas an 24 Deireadh Fómhair 2019, *EPSU agus Goudriaan* v *an Coimisiún*, T-310/18, EU:T:2019:757, mír 25 agus an cásdlí dá dtagraítear). Leanann sé go bhfhéadfadh éifeachtaí dlíthiúla a bheith ag an gcinneadh atá faoi chonspóid ar staid ionchúisitheoirí Rómánacha atá ina gcomhaltaí den iarratasóir ach amháin sa mhéid go bhféadfadh éifeachtaí den sórt sin a bheith ag Cinneadh 2006/928 é féin.

44 Ar an gcéad dul síos, maidir le príomhaidhm Chinneadh 2006/928 agus an comhthéacs inar glacadh é, mar is léir ó aithrisí 4 agus 6 den chinneadh sin, bhí bunú SCF agus socrú tagarmharcanna beartaithe chun aontachas na Rómáine leis an Aontas Eorpach a chur i gcrích, chun na heasnaimh a shainaithin an Coimisiún roimh an aontachas sin a leigheas, go háirithe i réimsí na mbreithiúna agus an chomhraic i gcoinne an éillithe.

45 Thairis sin, mar a shoiléirigh an Chúirt Bhreithiúnais, go háirithe, i mbreithiúnas an 18 Bealtaine 2021, *Asociația 'Forumul Judecătorilor din România' agus páirtithe eile* (C-83/19, C-127/19, C-195/19, C-291/19, C-355/19 agus C-397/19, EU:C:2021:393, mír 170), léiríonn na tagarmharcanna sin na gealltanais shonracha a rinne an Rómáin agus na ceanglais a ghlac sí leo ag deireadh na caibidlíochta aontachais an 14 Nollaig 2004, a leagtar amach in Iarscríbhinn IX a ghabhann leis an Ionstraim Aontachais agus a bhaineann go háirithe leis na réimsí sin.

46 Maidir le príomhaidhm agus comhthéacs an chinnidh atá faoi chonspóid, is léir ó Airteagal 1 den chinneadh sin, arna léamh i bhfianaise aithrisí 7 go 9 de, go bhféachann sé le Cinneadh 2006/928 a aisghairm, a mhéid a mheas an Coimisiún gur chomhlíon an Rómáin na gealltanais a tugadh tráth a aontachais leis an Aontas Eorpach agus gur comhlíonadh go sásúil na ceithre thagarmharc a leagtar amach san iarscríbhinn a ghabhann leis an gcinneadh sin.

47 Ar an dara dul síos, maidir le hábhar Chinneadh 2006/928, mar a luaitear i míreanna 6 agus 7 thuas, forchuireadh leis an gCinneadh sin, go bunúsach, ar an Rómáin an oibleagáid na tagarmharcanna a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis, a chomhlíonadh faoin gcéad fomhír d'Airteagal 1 de, agus tuarascáil bhliantúil a tharraingt suas don Choimisiún maidir leis an dul chun cinn atá déanta ina leith sin. Forchuireadh leis freisin oibleagáid ar an gCoimisiún, de bhun Airteagal 2 de, tuarascálacha a tharraingt suas chun anailís agus measúnú a dhéanamh ar dhul chun cinn na Rómáine i gcoinne na dtagarmharcanna.

48 Maidir le hábhar an chinnidh atá faoi chonspóid, leagtar béim in aithrisí 4 go 8 de ar na céimeanna a bhaineann le dul chun cinn na Rómáine faoi SCF, atá mar bhunús leis an gconclúid ar thángthas uirthi in aithris 9 gur comhlíonadh go sásúil na tagarmharcanna a leagtar amach i gCinneadh 2006/928. Ina theannta sin, mar a luaitear i mír 12 thuas, foráiltear le haithris 10 den chinneadh atá faoi chonspóid, go bunúsach, go leanfaidh an Coimisiún d'fhaireachán a dhéanamh ar na hathchóirithe is gá sna Ballstáit éagsúla, lena n-áirítear an Rómáin, trí thimthriall bliantúil an smachta reachta.

49 Ba cheart a lua freisin, i mbreithiúnais an 18 Bealtaine 2021, *Asociația 'Forumul Judecătorilor din România' agus páirtithe eile* (C-83/19, C-127/19, C-195/19, C-291/19, C-355/19 agus C-397/19, EU:C:2021:393), tar éis a thabhairt faoi deara i míreanna 166 agus 167 den bhreithiúnas sin go raibh Cinneadh 2006/928, mar chinneadh arna ghlacadh faoin gceathrú fomhír d'Airteagal 288 CFAE, 'ina cheangal ina iomláine' i gcás na Rómáine, gur shonraigh an Chúirt éifeachtaí dlíthiúla na tagarmharcanna agus na dtuarascálacha arna dtarraingt suas ag an gCoimisiún ar bhonn Airteagal 2 den chinneadh sin.

50 Maidir le héifeachtaí dlíthiúla na dtagarmharcanna, chinn an Chúirt, i mír 172 de bhreithiúnas an 18 Bealtaine 2021, *Asociația 'Forumul Judecătorilor din România' agus páirtithe eile* (C-83/19, C-127/19, C-195/19, C-291/19, C-355/19 agus C-397/19, EU:C:2021:393), go raibh na tagarmharcanna sin ina gceangal ar an Rómáin, agus mar thoradh air sin go raibh an Ballstát sin faoi réir na hoibleagáide sonraí chun iad a bhaint amach agus na bearta iomchuí a dhéanamh chun iad a bhaint amach a luaithe is féidir. Ar an gcaoi chéanna, dhearbhaigh an Chúirt go raibh sé de cheangal ar an Rómáin staonadh ó aon bheart a chur chun feidhme a d'fhéadfadh baint amach na tagarmharcanna sin a chur i mbaol. Shonraigh an Chúirt freisin, i mír 249 den bhreithiúnas sin, gur foirmíodh na tagarmharcanna sin i dtéarmaí soiléire agus beachta agus nach raibh siad faoi réir aon choinníollacha, agus mar thoradh air sin go raibh éifeacht dhíreach acu.

51 Maidir le héifeachtaí dlíthiúla na dtuarascálacha arna dtarraingt suas ag an gCoimisiún ar bhonn Airteagal 2 de Chinneadh 2006/928, chinn an Chúirt gur leagadh ceanglais don Rómáin amach sna tuarascálacha sin agus gur cuireadh moltaí faoina bráid d'fhonn na tagarmharcanna a bhaint amach. I gcomhréir le prionsabal an chomhair dhílis a leagtar amach in Airteagal 4(3) CAE, bhí ar an Rómáin aird chuí a thabhairt ar na ceanglais agus na moltaí sin agus ní mór di staonadh ó bhearta a ghlacadh nó a choinneáil sna réimsí a chumhdaítear leis na tagarmharcanna a d'fhéadfadh an toradh a fhorordaítear leis na ceanglais agus na moltaí sin a chur i mbaol.

52 Is léir ó na tosca a leagtar amach i míreanna 44, 47 agus 49 go 51 den bhreithiúnas seo nach ndearnadh le Cinneadh 2006/928 ach oibleagáidí a fhorchur ar an Rómáin, arb é atá iontu, ar an gcéad dul síos, na bearta is gá a ghlacadh chun na tagarmharcanna a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh sin a bhaint amach, ar an dara dul síos, tuarascálacha a chur faoi bhráid an Choimisiúin, ar bhonn bliantúil, ar an dul chun cinn atá déanta ina leith sin agus, ar an tríú dul síos, na ceanglais agus na moltaí arna leagan amach ag an gCoimisiún ina thuarascálacha féin a chur san áireamh go cuí.

53 Dá bhrí sin, contrártha leis an méid a mhaíonn an t-iarratasóir, níor thug Cinneadh 2006/928 aon chearta dá chomhaltaí, ionas nach féidir a mheas go bhfuil éifeachtaí díreacha aige ar a staid dhlíthiúil. Ní féidir aon tionchar a bheith ag an bhfíoras gur mheas an Chúirt go raibh éifeacht dhíreach ag na tagarmharcanna dá dtagraítear san iarscríbhinn a ghabhann leis an gcinneadh sin i ndáil leis sin.

54 Mar thaca leis an gconclúid sin, ar an gcéad dul síos, ba cheart a thabhairt faoi deara, murab ionann agus an méid a mhaíonn an t-iarratasóir, nach gciallaíonn an fíoras gur aithin an Chúirt éifeacht dhíreach na dtagarmharcanna *per se* gur gá go mbeadh cearta comhfhreagracha ag ionchúisitheoirí i gceist leis na tagarmharcanna sin, ar a bhféadfaidís brath go díreach os comhair na cúirte náisiúnta.

55 I ndáil leis sin, ní mór a mheabhrú gur chinn an Chúirt go comhsheasmhach, ‘nuair a dhealraíonn sé, maidir lena n-ábhar, go bhfuil forálacha [gníomh de chuid an Aontais] neamhchoinníollach agus beacht go leor, féadfar brath ar na forálacha sin […] i gcoinne aon fhoráil náisiúnta atá ar neamhréir leis [an gníomh sin de chuid an Aontais], nó a mhéid atá siad in ann cearta a shainiú a fhéadfaidh daoine aonair a dhearbhú i gcoinne an Stáit’. (féach, chuige sin, breithiúnais an 19 Eanáir 1982, *Becker*, 8/81, EU:C:1982:7, mír 25, agus an 28 Samhain 2013, *MDDP*, C-319/12, EU:C:2013:778, mír 47 agus an cásdlí dá dtagraítear).

56 Tugann úsáid an chónaisc ‘nó’ le tuiscint nach léirítear prionsabal na héifeachta dírí go heisiach sa chiall a eascraíonn as an gcásdlí a d’eascair as breithiúnas an 5 Feabhra 1963, *van Gend & Loos* (26/62, EU:C:1963:1), ach freisin mar choinníoll do chumhacht na gcúirteanna náisiúnta aon reachtaíocht nó cásdlí náisiúnta atá contrártha le dlí an Aontais a fhágáil gan feidhm. Mar sin féin, is léir ó léamh mhír 249 de bhreithiúnas an 18 Bealtaine 2021, A*sociația ‘Forumul Judecătorilor din România’ agus páirtithe eile* (C-83/19, C-127/19, C-195/19, C-291/19, C-355/19 agus C-397/19, EU:C:2021:393), i bhfianaise fhoclaíocht an tríú ceist a tarchuireadh chun réamhrialú i gCás C-195/19 agus na hanailíse a rinne an Chúirt i bhfianaise na ceiste sin, gur ón dara dearcadh sin a bhí sé beartaithe ag an gCúirt éifeacht dhíreach na dtagarmharcanna a aithint.

57 Dá bhrí sin, ní féidir glacadh le hargóint an iarratasóra go dtugann na tagarmharcanna, mar gheall ar a n-éifeacht dhíreach, cearta d’ionchúisitheoirí, ar féidir leo brath orthu os comhair na gcúirteanna náisiúnta chun agóid a dhéanamh, *inter alia*, i gcoinne caingne araíonachta neamhdhleathacha. Thairis sin, ní mór a lua nár shainaithin an t-iarratasóir aon cheart sonrach a líomhnaítear a deonaíodh d’ionchúisitheoirí nó, go sonrach, dá chomhaltaí.

58 Ar an dara dul síos, ní féidir go gciallódh an fíoras gur mheas an Chúirt go raibh éifeacht dhíreach ag na tagarmharcanna, mar a mhaíonn an t-iarratasóir, go raibh éifeacht dhíreach acu ar staid dhlíthiúil a comhaltaí agus, dá bhrí sin, go mbeadh feidhm ag an méid céanna maidir lena n-aisghairm.

59 I ndáil leis sin, ar an gcéad dul síos, ba cheart a thabhairt faoi deara nach féidir go gciallódh éifeacht dhíreach na dtagarmharcanna go bhféadfadh daoine aonair agóid a dhéanamh i gcoinne dhíothú na dtagarmharcanna sin, gan a léiriú go ndéanann an bhaint sin ann féin dochar díreach agus aonair dá seasamh dlíthiúil, rud nach léirítear sa chás seo.

60 Anuas air sin, ní mór a mheabhrú gur rialaigh cúirteanna an Aontais cheana féin nach mór an cheist maidir le baint dhíreach duine le gníomh de chuid an Aontais a mheas i bhfianaise ábhar an gnímh sin (féach, chuige sin, breithiúnais an 3 Aibreán 2003, *Royal Philips Electronics* v *an Coimisiún*, T-119/02, EU:T:2003:101, mír 276) agus an chreat dlíthiúil atá leagtha amach sa ghníomh sin. Leanann sé ó na forálacha sa ghníomh sin go bhfuil a éifeachtaí teoranta don chaidreamh idir an tAontas agus na Ballstáit ar a bhfuil sé dírithe, ní féidir a mheas go gcruthaíonn an gníomh sin éifeachtaí dlíthiúla i leith daoine aonair (féach, chuige sin, breithiúnas an 4 Bealtaine 2017, *Green Source Poland* v *an Coimisiún*, T-512/14,EU:T:2017:299, míreanna 35, 37 agus 45 go 64).

61 Sa chás seo, is léir ó na tosca a leagtar amach i míreanna 44, 45 agus 47 thuas gurb é cuspóir Chinneadh 2006/928 a áirithiú go leigheasfadh an Rómáin na heasnaimh a sainaithníodh roimh an aontachas, go háirithe i réimsí na mbreithiúna agus an chomhraic i gcoinne an éillithe, d'fhonn an próiseas aontachais a chur i gcrích. Is léir freisin ó na forálacha sa chinneadh sin go raibh a éifeachtaí teoranta don chaidreamh idir an tAontas Eorpach agus an Rómáin, gan an cinneadh sin a bheith dírithe go díreach nó go hindíreach ar dhaoine aonair, lena n-áirítear ionchúisitheoirí.

62 Ina theannta sin, tugtar le fios i bhfoclaíocht na dtagarmharcanna, cé go rialaíonn na dtagarmharcanna sin, *inter alia*, eagrú na mbreithiúna sa Rómáin, nach bhfuil sé i gceist leo éifeacht díreach a dhéanamh do staid dhlíthiúil ionchúisitheoirí na Rómáine, cé go bhféadfadh an chúirt náisiúnta, uaithi féin nó arna iarraidh sin do dhaoine aonair, lena n-áirítear ionchúisitheoirí, neamhréireacht na reachtaíochta náisiúnta ina leith a ardú sula n-aisghairfear Cinneadh 2006/928. Thairis sin, d'fhágfadh réiteach contrártha go n-aisghairfí aon riail de chuid an Aontais, a aithnítear go bhfuil éifeacht dhíreach aici, a dhéanann difear díreach do staid dhlíthiúil na ndaoine aonair go léir a bhí in ann, roimh an aisghairm sin, brath ar an riail sin i gcoinne riail náisiúnta. Ní féidir glacadh le síneadh den sórt sin ar an gcéad choinníoll maidir le cúram díreach.

63 Ar deireadh, ba cheart a thabhairt faoi deara, cé gur chinn an Chúirt cheana féin, i gcásanna áirithe, nach leor an discréid atá ag na Ballstáit agus foráil de ghníomh de chuid an Aontais á cur chun feidhme acu, chun go measfaí nach bhfuil éifeacht dhíreach ag an bhforáil sin. (féach, chuige sin, breithiúnais an 21 Márta 2013, *Salzburger Flughafen*, C-244/12, EU:C:2013:203, mír 29 agus an cásdlí dá dtagraítear; an 14 Eanáir 2021, *RTS infra* v *Aannemingsbedrijf Norré-Behaegel*, C-387/19, EU:C:2021:13, mír 47 agus an cásdlí dá dtagraítear, agus an 8 Márta 2022, *Bezirkshauptmannschaft Hartberg-Fürstenfeld (Éifeacht dhíreach)*, C-205/20, EU:C:2022:168, míreanna 16 go 25 agus an cásdlí dá dtagraítear), mar sin féin, leanann sé óna chásdlí nach féidir an chéad choinníoll maidir le cúram díreach a chomhlíonadh toisc discréid a bheith ann (féach, chuige sin, breithiúnas an 12 Iúil 2022, *Nord Stream 2* v *an Pharlaimint agus an Chomhairle*, C-348/20 P, EU:C:2022:548, míreanna 74 agus 76).

64 Sa chás seo, is léir ó chineál na mbeart a iarradh ar an Rómáin a ghlacadh chun Cinneadh 2006/928 a chur chun feidhme, a mhéid a bhaineann siad, go háirithe, le gnéithe a bhaineann le heagrú a córais bhreithiúnaigh, go raibh corrlach breithmheasa ag an mBallstát sin agus na bearta sin á nglacadh. Ina theannta sin, ní mor a thabhairt chun cuimhne, de réir cásdlí socair, bíodh is go dtagann eagrú na mbreithiúna sna Ballstáit faoina n-inniúlacht siúd, go bhfuil sé fós de cheangal ar na Ballstáit na hoibleagáidí sin acu a eascraíonn as dlí an Aontais a chomhlíonadh agus an

inniúlacht sin á feidhmiú acu (féach, chuige sin, breithiúnas an 24 Meitheamh 2019, *an Coimisiún* v *an Pholainn* (Neamhspleáchas na Cúirte Uachtaraí), C-619/18, EU:C:2019:531, mír 52 agus an cásdlí dá dtagraítear).

65 I bhfianaise an mhéid sin roimhe seo, ní mór teacht ar an gconclúid nach raibh éifeacht dhíreach ag Cinneadh 2006/928 ar staid dhlíthiúil chomhaltaí an iarratasóra.

66 Ós rud é, mar a thugtar faoi deara i mír 43 thuas, nach mór raon feidhme an chinnidh atá faoi chonspóid a léiriú i bhfianaise Chinneadh 2006/928 atá á aisghairm aige, ní mór a mheas nach féidir a mheas go bhfuil éifeacht dhíreach ag an gcinneadh atá faoi chonspóid ar staid dhlíthiúil chomhaltaí an iarratasóra ach oiread.

67 É sin ráite, ba cheart a mheabhrú, d'ainneoin aisghairm Chinneadh 2006/928, go bhféadfaidh ionchúisitheoirí atá faoi réir imeachtaí araíonachta fós brath ar an gcosaint bhreithiúnach a fhaigheann siad ó dhlí an Aontais, faoi Airteagal 19 CAE (féach, chuige sin, breithiúnas an 8 Bealtaine 2024, *Asociația 'Forumul Judecătorilor din România'* (Comhlachais giúistísí), C-53/23, EU:C:2024:388, míreanna 34 agus 39 agus an cásdlí dá dtagraítear).

68 Ina theannta sin, maidir le hargóint an iarratasóra lena líomhnaítear, go bunúsach, go raibh éifeacht dhíreach ag aisghairm Chinneadh 2006/928, leis an gcinneadh atá faoi chonspóid, ar staid dhlíthiúil a chomhaltaí a mhéid a bhí raon feidhme níos leithne ag an gcinneadh deireanach sin ná mar a bhí ag Airteagal 325(1) CFAE agus, dá bhrí sin, gur dhócha go spreagfaí infheidhmeacht na Cairte i gcásanna a bhaineann leis an gcomhrac i gcoinne an éillithe, ní mór diúltú di.

69 Ba cheart a thabhairt faoi deara, mar a áitíonn an Coimisiún, go bunúsach, lasmuigh den reachtaíocht a bhaineann le leasanna airgeadais an Aontais Eorpaigh a chosaint, gur ghlac reachtas an Aontais Eorpaigh sraith iomlán reachtaíochta tánaistí lena rialaítear na gnéithe éagsúla den chomhrac i gcoinne an éillithe i gcoitinne, amhail, *inter alia*, an Coinbhinsiún a tarraingíodh suas ar bhonn Airteagal K.3(2)(c) den Chonradh ar an Aontas Eorpach, maidir leis an gcomhrac i gcoinne an éillithe a bhfuil oifigigh na gComhphobal Eorpach nó oifigigh Bhallstáit an Aontais Eorpaigh páirteach ann (IO 1997 C 195, lch. 2) agus Cinneadh Réime 2003/568/CGB ón gComhairle an 22 Iúil 2003 maidir leis an éilliú a chomhrac san earnáil príobháideach (IO 2003 L 192, lch. 54). Thairis sin, ní mór a mheabhrú sa chás ba chúis le breithiúnais an 25 Eanáir 2024, *Parchetul de pe lângă Curtea de Apel Craiova* (C-58/22, EU:C:2024:70, mír 42), a bhain le cás éilithe inár chuir an chúirt a rinne an tarchur ceist ar an gCúirt Bhreithiúnais i leith, *inter alia*, na tagarmharcanna dá dtagraítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2006/928, chinn an Chúirt gur comhlíonadh an coinníoll maidir le cur chun feidhme dlí an Aontais, de réir bhrí Airteagal 51(1) den Chairt, go sásúil ar bhonn an Cinneadh Réime thuasluaite, gan fiú cúis a bheith ann le rialú a dhéanamh ar ábharthacht féideartha na tagarmharcanna dá dtagraítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gcinneadh seo. Leanann sé , i gcodarsnacht leis an méid a mhaíonn an t-iarratasóir, go bhfuil feidhm ag an gCairt i leith cásanna a bhaineann leis an gcomhrac i gcoinne an éillithe, gan beann ar aisghairm Chinneadh 2006/928.

70 Leanann sé as an méid sin roimhe seo nach bhfuil éifeacht díreach ag an gcinneadh atá faoi chonspóid ar staid dhlíthiúil chomhaltaí an iarratasóra. Mar sin, ní féidir a mheas go raibh éifeacht díreach ag an gcinneadh sin orthu.

71 Ós rud é gur coinníollacha carnacha iad na coinníollacha a leagtar síos sa dara habairt den cheathrú fomhír d'Airteagal 263 CFAE, dá dtagraítear i mír 41 thuas, ní mór a mheas nach féidir seasamh a bheith ag an iarratasóir le caingean a thionscnamh chun an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní, gan é a bheith riachtanach fiú seasamh a shainiú ar an dara coinníoll dá dtagraítear san fhoráil sin.

72 Ina theannta sin, ní féidir leis an iarratasóir ach oiread brath ar an tríú habairt den cheathrú fomhír d'Airteagal 263 CFAE, a bhaineann le gníomhartha rialála, ar an bhforas go bhfuil seasamh ag na hionchúisitheoirí a bhfuil a leasanna á gcosaint acu chun imeachtaí a thionscnamh ar bhonn an tríú habairt sin. Go deimhin, tá an chiall chéanna leis an gcoinníoll ar dá réir nach mór baint dhíreach a bheith ag an iarratasóir leis an ngníomh atá faoi chonspóid, agus leis an dara habairt den cheathrú fomhír d'Airteagal 263 CFAE agus sa tríú habairt den fhoráil sin (féach, chuige sin, breithiúnas an 12 Iúil 2022, *Nord Stream 2* v *an Pharlaimint agus an Chomhairle*, C-348/20 P, EU:C:2022:548, mír 73). Sna himthosca sin, in éagmais cúram díreach leis an gcinneadh atá faoi chonspóid, ní gá a scrúdú, an gníomh rialála é an cinneadh sin de réir bhrí an tríú habairt den cheathrú fomhír d'Airteagal 263 CFAE.

73 I bhfianaise an mhéid sin roimhe seo, agus ós rud é nach bhfuil na hionchúisitheoirí a bhfuil a leasanna á gcosaint ag an iarratasóir iad féin i dteideal imeachtaí a thionscnamh, ní chomhlíonann an t-iarratasóir ach oiread na coinníollacha lena chaingean a bheith inghlactha faoin dara cineál staid, dá dtagraítear sa chásdlí dá dtagraítear i mír 24 thuas.

Coinníollacha inghlacthachta a mhaolú

74 Dar leis an iarratasóir, in imthosca amhail imthosca an cháis seo, ba cheart coinníollacha hinghlacthachta na caingne a mhaolú. Áitítear nach mór na coinníollacha inghlacthachta a chur i bhfeidhm le méid áirithe solúbthachta, go háirithe mar gheall ar na ceanglais a bhaineann le cosaint bhreithiúnach éifeachtach agus leis an smacht reachta, arb é luach bunaidh an Aontais é dá fhéiniúlacht féin. Thairis sin, agus í ag brath ar bhreithiúnas na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine an 9 Aibreán 2024, *Verein Klimaseniorinnen Schweiz agus páirtithe eile* v *an Eilvéis* (CE:ECHR:2024:0409JUD005360020), inár glacadh, ar bhonn Airteagal 6(1) den Choinbhinsiún Eorpach chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint, a síníodh sa Róimh an 4 Samhain 1950 ('ECHR'), an seasamh comhlachas chun imeachtaí a bunaíodh d'fhonn bearta éifeachtacha cosanta aeráide a chur chun cinn agus a chur chun feidhme a thionscnamh, áitíonn an t-iarratasóir, go bunúsach, a mhéid a bhaineann le luach an smachta reachta a chosaint coibhéiseach leis na breithnithe sin a bhaineann le cosaint aeráide, gur cheart go mbeadh feidhm *mutatis mutandis* ag an cur chuige a leagtar amach sa bhreithiúnas sin ar an gcás seo. Thairis sin, b'fhearr na ceanglais maidir le seasamh comhlachas a ailíniú i bhfianaise aontachas an Aontais le ECHR. **(OBS 96 - 104)**

75 Ba cheart a thabhairt faoi deara, cé gur fíor nach mór na coinníollacha maidir le hinghlacthacht a leagtar síos sa cheathrú fomhír d'Airteagal 263 CFAE a léiriú i bhfianaise an chirt bhunúsaigh chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil, níor cheart go mbeadh sé d'éifeacht ag léiriú den sórt sin na coinníollacha a leagtar síos go sainráite sa Chonradh sin a chur i leataobh (féach breithiúnais an 3 Deireadh Fómhair 2013, *Inuit Tapiriit Kanatami agus páirtithe eile* v *an Pharlaimint agus an Chomhairle*, C-583/11 P, EU:C:2013:625, mír 98 agus an cásdlí dá dtagraítear, agus an 28 Aibreán 2015, *T & L Sugars agus Sidul Açúcares* v *an Coimisiún*, C-456/13 P, EU:C:2015:284, mír 44 agus an cásdlí dá dtagraítear).

76 Go háirithe, níl sé i gceist leis an gcosaint a thugtar le hAirteagal 47 den Chairt athrú a dhéanamh ar an gcóras athbhreithnithe bhreithiúnaigh dá bhforáiltear sna Conarthaí, agus go háirithe ar na rialacha maidir le hinghlacthacht caingne a thugtar go díreach os comhair Chúirteanna an Aontais (féach breithiúnas an 3 Deireadh Fómhair 2013, *Inuit Tapiriit Kanatami agus páirtithe eile* v *an Pharlaimint agus an Chomhairle*, C-583/11 P, EU:C:2013:625, mír 97 agus an cásdlí dá dtagraítear).

77 Thairis sin, ní cheanglaítear leis an gcosaint a thugtar le hAirteagal 47 den Chairt go bhféadfaidh duine aonair caingean le haghaidh neamhniú a thionscnamh gan choinníoll, go díreach os comhair Chúirteanna an Aontais, i gcoinne ghníomhartha an Aontais (breithiúnas an 28 Deireadh Fómhair 2020, *Associazione GranoSalus* v *an Coimisiún*, C-313/19 P, nár foilsíodh, EU:C:2020:869, mír 62).

78 Sa chás seo, mar is léir ó mhíreanna 31 agus 73 thuas, ní féidir leis an iarratasóir a mhaoímh go mbaineann an cinneadh atá faoi chonspóid go díreach leis ina ainm féin nó thar ceann a chomhaltaí a bhfuil a leasanna á gcosaint aige.

79 Ina theannta sin, maidir le tagairt an iarratasóra don chur chuige a lean an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine, i bhfianaise Airteagal 6(1) ECHR, sa bhreithiúnas dá dtagraítear i mír 74 thuas, is leor a chuir in iúl, cé go ndearbhaítear le hAirteagal 6(3) CAE, go bhfuil na cearta bunúsacha a aithnítear in ECHR ina gcuid de dhlí an Aontais mar phrionsabail ghinearálta, agus cé go bhforáiltear le hAirteagal 52(3) den Chairt go bhfuil an bhrí chéanna agus an raon feidhme céanna ag na cearta atá sa Chairt a fhreagraíonn do chearta arna ráthú le ECHR agus atá leagtha síos leis an gcoinbhinsiún sin, nach ionstraim dlí é an coinbhinsiún sin, go dtí go mbeidh an tAontas tar éis aontú dó, atá ionchorpraithe go foirmiúil i ndlíchóras an Aontais. De réir na mínithe a bhaineann le hAirteagal 52 den Chairt, féachann Airteagal 52(3) leis an gcomhsheasmhacht is gá a áirithiú idir an Chairt agus ECHR ‘gan dochar a dhéanamh dá chionn sin do neamhspleáchas dhlí an Aontais ná do neamhspleáchas Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh’ (féach breithiúnas an 2 Meán Fómhair 2021, *LG agus MH (Féinsciúradh)*, C-790/19, EU:C:2021:661, mír 75 agus an cásdlí dá dtagraítear).

80 Sna himthosca sin, chiallódh maolú ar na coinníollacha inghlacthachta, mar a d’iarr an t-iarratasóir, nach gcuirfí an coinníoll maidir le cúram díreach a leagtar síos go sainráite sa cheathrú fomhír d’Airteagal 263 CFAE i leataobh, rud a bheadh contrártha leis an gcásdlí dá dtagraítear i mír 75 thuas.

81 Ba cheart a lua freisin go n-áirithítear athbhreithniú breithiúnach ar chomhlíonadh dhlíchóras an Aontais, in aon chás, mar is léir ó Airteagal 19(1) CAE, ní hamháin ag an gCúirt Bhreithiúnais ach ag cúirteanna agus binsí na mBallstát freisin. Le Conradh FAE, trí Airteagail 263 agus 277 ar thaobh amháin, agus le hAirteagal 267, ar an taobh eile, bunaíodh córas iomlán leigheasanna agus nósanna imeachta dlíthiúla atá ceaptha chun athbhreithniú ar dhlíthiúlacht ghníomhartha an Aontais a áirithiú agus a cuireadh faoi chúram Chúirteanna an Aontais Eorpaigh é. (féach breithiúnas an 28 Aibreán 2015, *T & L Sugars agus Sidul Açúcares* v *an Coimisiún*, C-456/13 P, EU:C:2015:284, mír 45 agus an cásdlí dá dtagraítear).

82 I ndáil leis sin, ba cheart a shoiléiriú go bhfuil sé de cheart ag daoine aonair, i gcomhthéacs imeachtaí náisiúnta, agóid a dhéanamh os comhair na gcúirteanna maidir le dhlíthiúlacht aon chinnidh nó aon bhirt náisiúnta eile a bhaineann le gníomh de chuid an Aontais a bhfuil feidhm

ghinearálta aige a chur i bhfeidhm orthu trí neamhbhailíocht an ghnímh sin a phléadáil. (féach breithiúnas an 28 Aibreán 2015, *T & L Sugars agus Sidul Açúcares* v *an Coimisiún*, C-456/13 P, EU:C:2015:284, mír 46 agus an cásdlí dá dtagraítear).

83 Fágann sé gurb ionann tarchur lena ndéantar measúnú ar bhailíochta, ar an gcaoi chéanna le caingean le haghaidh neamhniú, mar mhodh chun athbhreithniú a dhéanamh ar dhlíthiúlacht ghníomhartha an Aontais. (féach breithiúnas an 28 Aibreán 2015, *T & L Sugars agus Sidul Açúcares* v *an Coimisiún*, C-456/13 P, EU:C:2015:284, mír 47 agus an cásdlí dá dtagraítear).

84 I ndáil leis sin, ní mór a mheabhrú, i gcás ina measann cúirt náisiúnta nó binse go bhfuil bunús le ceann amháin nó níos mó de na pléadálacha i leith neamhbhailíocht gnímh de chuid an Aontais arna gcur chun cinn ag na páirtithe, nó de réir mar a bheidh, arna ndéanamh *ex officio*, nach mór di bac a chur ar na himeachtaí agus tarchur a dhéanamh chuig an gCúirt Bhreithiúnais chun an bhailíocht a mheas, ós rud é nach bhfuil dlínse ach ag an gCúirt Bhreithiúnais a dhearbhú go bhfuil gníomh de chuid an Aontais neamhbhailí (féach breithiúnas an 28 Aibreán 2015, *T & L Sugars agus Sidul Açúcares* v *an Coimisiún*, C-456/13 P, EU:C:2015:284, mír 48 agus an cásdlí dá dtagraítear).

85 Maidir le daoine nach gcomhlíonann na coinníollacha a leagtar síos sa cheathrú fomhír d'Airteagal 263 CFAE maidir le caingean a thabhairt os comhair Chúirteanna an Aontais Eorpaigh, is faoi na Ballstáit atá sé, dá bhrí sin, foráil a dhéanamh maidir le córas leigheasanna agus nósanna imeachta dlíthiúla chun a áirithiú go gcomhlíonfar an ceart bunúsach chun cosaint dlí éifeachtach a fháil (féach breithiúnas an 28 Aibreán 2015, *T & L Sugars agus Sidul Açúcares* v *an Coimisiún*, C-456/13 P, EU:C:2015:284, mír 49 agus an cásdlí dá dtagraítear).

86 Athdhearbhaíodh an oibleagáid seo ar na Ballstáit, sa dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE, ina sonraítear go gcuirfidh siad 'leighis ar fáil a bheidh leordhóthanach chun cosaint dlí éifeachtach a áirithiú sna réimsí atá folaithe le dlí an Aontais.' Leanann oibleagáid den sórt sin freisin ó Airteagal 47 den Chairt maidir le bearta lena gcuirtear ag na Ballstáit a chuireann dlí an Aontais chun feidhme de réir bhrí Airteagal 51(1) den Chairt (féach breithiúnas an 28 Aibreán 2015, *T & L Sugars agus Sidul Açúcares* v *an Coimisiún*, C-456/13 P, EU:C:2015:284, mír 50 agus an cásdlí dá dtagraítear).

87 I bhfianaise an mhéid sin thuas, ní mór seasamh leis an bpléadáil maidir le do-ghlacthacht a d'ardaigh an Coimisiún agus an chaingean a dhíbhe toisc í a bheith do-ghlactha.

An t-iarratas ar idiragairt arna chur isteach ag an Rómáin

88 I gcomhréir le hAirteagal 144(3) de na Rialacha Nós Imeachta, i gcás ina dhéanann an cosantóir pléadáil maidir le do-ghlacthacht nó easpa dlínse a thaisceadh, de réir mar a fhoráiltear in Airteagal 130(1) den Rialachán sin, ní dhéanfar breith maidir leis an iarratas ar idiragairt go dtí go ndiúltófar an phléadáil nó go ndéanfar an cinneadh ar an bpléadáil a fhorchoimeád. Thairis sin, i gcomhréir le hAirteagal 142(2) de na rialacha sin, bheidh an idiragairt in éagmais aon chuspóir, go háirithe i gcás go ndeimhnítear go bhfuil an t-iarratas do-ghlactha.

89 Ós rud é gur seasadh leis an bpléadáil do-ghlacthachta sa chás seo agus, dá bhrí sin, go gcuireann an t-ordú seo deireadh leis na himeachtaí, ní gá rialú a dhéanamh ar an iarratas ar idiragairt arna chur isteach ag an Rómáin a thuilleadh.

Costais

90 Faoi Airteagal 134(1) de na Rialacha Nós Imeachta, ordófar don pháirtí caillteach na costais a íoc, má iarrtar iad i bpléadálacha an pháirtí a n-éireoidh leis. Ós rud é nár éirigh leis an t-iarratasóir, ní mór a ordú dó na costais a íoc, i gcomhréir leis an ordú arna lorg ag an gCoimisiún.

91 Ina theannta sin, de bhun Airteagal 144(10) de na Rialacha Nós Imeachta, ordaítear don Rómáin a chostais féin maidir leis an iarratas ar idiragairt a íoc.

Ar na forais sin,

ordaíonn AN CHÚIRT GHINEARÁLTA (an Tríú Dlísheomra) mar seo a leanas:

1. **Díbhtear an chaingean toisc í a bheith do-ghlactha.**

2. **Ní gá rialú a dhéanamh ar an iarratas ar idiragairt arna chur isteach ag an Rómáin a thuilleadh.**

3. **Ordaítear do Asociația Inițiativa pentru Justiție a chostais féin, chomh maith leis na costais arna dtabhú ag an Coimisiún Eorpach a íoc.**

4. **Ordaítear don Rómáin a chostais féin maidir leis an iarratas ar idiragairt a íoc.**

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 3 Feabhra 2025.

Cláraitheoir
V. Di Bucci

Uachtarán Gníomhach
P. Škvařilová-Pelzl